Cuntas Leithreasa 2022

# Vóta 6

# Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 6, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an Cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 ar thuarastail agus speansais Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2022, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €5.212 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 5.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntas leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2022, i bhfeidhm agus an Cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Ioncam fabhraithe***

Is ionann ioncam fabhraithe agus costais faoi cháin atá dlite don Stát agus nach bhfuil aisghafa go fóill. Tá sé de pholasaí na hOifige tabhairt faoi aisghabháil na gcostas faoi cháin ar fad a bronnadh i bhfabhar an Stáit.

***Táillí fabhraithe na n-abhcóidí***

Tá nótaí táille a fuarthas ó abhcóidí faoi réir próiseas cuimsitheach láidir measúnaithe agus meastóireachta chun leibhéal na dtáillí atá dlite a chinneadh. Cinntear fabhrú deireadh bliana i ndáil le dliteanais táillí abhcóidí trí chéatadán measta marcála anuas (bunaithe ar an meánchéatadán marcála anuas le linn an phróisis measúnaithe agus meastóireachta sa bhliain cuntasaíochta) a chur i bhfeidhm ar nótaí táille abhcóidí atá ar fáil ag deireadh na bliana.

### Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Déantar an fhreagracht sin a fheidhmiú i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Cheann na hOifige. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtugtar faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí acmhainní daonna agus párolla ar fáil d’Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

Bím ag brath ar an litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí le linn seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal an lucht bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ag a bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun a chinntiú go ndéantar gníomhaíocht cheartaitheach chuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ar bun chun comhairle a chur orm le linn dom mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá doiciméadú déanta ar nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta ann
- go bhfuil athbhreithniú tráthrialta á dhéanamh ag an lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca ag feidhmiú laistigh den Oifig
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí i bhfeidhm agus go gcloítear le disciplíní bainistithe tionscadail foirmiúla.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go gcoinníonn an Oifig feidhm iniúchóireachta inmheánaí trí chomhaontú conartha le cuideachta ghairmiúil iniúchóireachta le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na hOifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Féachtar leis na pleananna sin leis na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanann mé féin agus an Coiste Iniúchta an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Bhí feidhm iniúchóireachta inmheánaí i bhfeidhm don Oifig le linn 2022.

***Soláthar***

Cinntíonn an Oifig go mbíonn fócas cuí ann ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.

Tá mionsonraí tugtha ag an Oifig faoi dheich gconradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair*

Chomhlíon an Oifig na treoirlínte sa bhliain 2022, seachas i gcás dhá chonradh (sa bhreis ar €25,000), dar luach €182,199 san iomlán (gan CBL a áireamh).

- Leanadh le conradh amháin dar luach €119,889 (gan CBL a áireamh) gan próiseas iomaíoch sa bhliain 2022 ó tharla gur cuireadh síneadh leis thar dháta bunaidh an chonartha i ndáil le hobair cléirigh i ngníomhaireacht dlí, seirbhísí cuardaigh agus seirbhísí áirithe eile. Faoi láthair tá an Oifig i mbun Iarraidh ar Thairiscint nua a eisiúint.
- Conradh amháin dar luach €62,310 (gan CBL a áireamh) i ndáil le ceadúnais a athnuachan gach bliain chun cianobair a éascú. Ceannaíodh na ceadúnais sin ar dtús mar chuid de cheannachán éigeandála i leith réiteach cianoibre sa bhliain 2020. Don bhliain 2023, déanfaidh an Oifig athbhreithniú ar an athnuachan ceadúnais lena chinntiú go gceannóimid ón ngníomhaire is éifeachtúla ó thaobh costas de.

***Slándáil teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide***

Cuireann an Oifig rialuithe dea-chleachtais i bhfeidhm chun príomhrioscaí slándála a bhaineann le teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide (TFC) a mhaolú. Déantar athbhreithniú ar chórais slándála TFC agus uasghrádaítear na córais sin, nuair is gá, agus is próiseas leanúnach é sin.

***Rialuithe riaracháin agus airgeadais***

Déanann an Bord Bainistíochta agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar na rialuithe go tráthrialta. Déanann an Coiste Iniúchóireachta gach tuarascáil iniúchóireachta inmheánaí a bhreithniú.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig ina ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh le dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá le sárú ag an Oifig agus déantar iad a aithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn leathbhliantúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí ar leibhéal cuí.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh do bhaill foirne shonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is iomchuí agus in am trátha. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Oifig atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais maidir le 2022 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu nó a bhféadfadh caillteanais ábhartha a bheith mar thoradh orthu.

***Saincheisteanna Rialaithe Covid-19***

Is féidir liom a dheimhniú go bhfuil na rialuithe atá ann cheana agus na cinn a tugadh isteach de dheasca phaindéim Covid-19 fós éifeachtach.

**Maria Browne**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

31 Márta 2023

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 6 Oifig an Phriomh-Aturnae Stáit don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 6 Oifig an Phriomh-Aturnae Stáit don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Iúil 2023

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach tá an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna cuntas leithreasa, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

# Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

## Cuntas Leithreasa 2022

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Soláthar seirbhísí dlí | 50,508 | 45,442 | 41,432 |
| **Ollchaiteachas** | | **50,508** | **45,442** | **41,432** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **850** | **996** | **1,530** |
| **Glanchaiteachas** | | **49,658** | **44,446** | **39,902** |

Tá barrachas na suime a soláthraíodh thar an nglansuim a cuireadh i bhfeidhm dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Barrachas le géilleadh** | **5,211,700** | **783,138** |

**Maria Browne**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

31 Márta 2023

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2022

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 20,069 | 18,405 |
| Pá | | 22,538 | 20,275 |
| Neamhphá | | 2,835 | 2,752 |
| **Ollchaiteachas** | | **45,442** | **41,432** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **996** | **1,530** |
| **Glanchaiteachas** | | **44,446** | **39,902** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin - airgead tirim | (101) | | |
| Dímheas | 222 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 17 | 138 | 79 |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (382) | | |
| Laghdú ar fhardail | 38 | (344) | (1,694) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **44,240** | **38,287** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 4,850 | 4,778 |
| Measchíosanna | | 865 | 865 |
| **Glanchostas an chláir** | | **49,955** | **43,930** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 6 a tabhaíodh in áit éigin eile.

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 3,390 | 3,254 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,373 | 1,447 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 35 | 31 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 52 | 46 |
| | | **4,850** | **4,778** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2022

| | Nóta | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 521 | 659 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 1,300 | 1,548 |
| Fardail | 2.3 | — | 38 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 347 | 308 |
| Ioncam fabhraithe | 2.5 | 9,728 | 9,770 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 513 | 45 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.7 | 505 | 24 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **12,393** | **11,733** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.8 | 4,256 | 4,641 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.9 | 2,318 | 1,617 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **6,574** | **6,258** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 5,819 | 5,475 |
| **Glansócmhainní** | | **6,340** | **6,134** |
| **Arna Léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.10 | **6,340** | **6,134** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2022 | 5,360 | 1,748 | 7,108 |
| Breiseanna | 101 | — | 101 |
| Diúscairtí | (2,161) | (14) | (2,175) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2022 | 3,300 | 1,734 | 5,034 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2022 | 4,805 | 1,644 | 6,449 |
| Dímheas don bhliain | 204 | 18 | 222 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (2,144) | (14) | (2,158) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2022 | 2,865 | 1,648 | 4,513 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2022** | **435** | **86** | **521** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021 | 555 | 104 | 659 |

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 1,299 | 1,547 |
| Iarmhéid an chuntais bainc tráchtála | 1 | 1 |
| | **1,300** | **1,548** |

**Cuntais bhainc neamhvóta**

Coinníonn Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit roinnt cuntas bainc atá i seilbh iontaobhais thar ceann oifigí agus ranna na gcliant agus tríú páirtithe atá bainteach go príomha le hidirbhearta réadmhaoine. Ní chuirtear ar aghaidh aon airgead atá dlite do Vóta Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit nó atá íoctha ón Oifig sin trí na cuntais bhainc sin. Is é €2.95 milliún (2021: €11.47 milliún) an méid a bhí á choinneáil i gcuntais mar sin ag deireadh na bliana 2022 agus ní áirítear an méid sin sa chuntas leithreasa.

## 2.3 Fardail

| ag an 31 Nollaig | 2022 [a] | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | — | **38** |

Nóta a Ag tosú sa bhliain 2022, cláraítear earraí mórmhéide íseal-luacha mar chaiteachas iomlán sa bhliain, agus ní rangaítear iad mar earraí stoic a thuilleadh.

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Bogearraí agus cothabháil eile | 219 | 179 |
| Seirbhísí faisnéise | 50 | 87 |
| Réamhíocaíochtaí eile | 78 | 42 |
| | **347** | **308** |

## 2.5 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir | 9,770 | 9,818 |
| Fáltais airgid | (42) | (48) |
| Iarmhéid deiridh ag an 31 Nollaig | **9,728** | **9,770** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 469 | — |
| Suim in-fhorchúitithe i ndáil leis an scéim pas taistil | 15 | 14 |
| Suim in-fhorchúitithe i ndáil leis an scéim um rothaíocht chun na hoibre | 4 | 6 |
| Aturnaetha stáit | 25 | 25 |
| | **513** | **45** |

## 2.7 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Barrachas le géilleadh | 5,212 | 783 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (5,717) | (807) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **(505)** | **(24)** |
| | | |
| **Arna Léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 1,300 | 1,548 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 513 | 45 |
| | 1,813 | 1,593 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,425) | (1,304) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (893) | (313) |
| | (2,318) | (1,617) |
| | | |
| | **(505)** | **(24)** |

## 2.8 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Táillí abhcóidí | 3,955 | 4,488 |
| Costais dlí ginearálta | 103 | 33 |
| Speansais theagmhasacha | 64 | 43 |
| Trealamh oifige | 78 | 34 |
| Post agus teileachumarsáid | 25 | 16 |
| Speansais eile | 31 | 27 |
| | **4,256** | **4,641** |

## 2.9 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 426 | 379 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 236 | 213 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 668 | 622 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 91 | 84 |
| Cáin bhreisluacha | 3 | 5 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 1 | 1 |
| | 1,425 | 1,304 |
| Réadmhaoin an stáit: eastáit eiséata [a] | 893 | 313 |
| | **2,318** | **1,617** |

Nóta [a] Tá an t-iarmhéid seo iníoctha leis an Stát freisin. Léirítear an t-iarmhéid leis féin sa tábla thuas toisc gur tháinig gach méid eile atá dlite don Stát chun cinn ó oibríochtaí leanúnacha Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus baineann figiúr na n-eastát eiséata le hairgead tirim a bailíodh ó thríú páirtithe seachtracha nuair a bhí Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ag fanacht le treoracha diúscartha.

## 2.10 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 6,134 | 4,519 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 49,658 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (5,212) | | |
| Glanvóta | | | 44,446 | 39,902 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 4,850 | 4,778 |
| Caiteachas neamh-airgid thirim – measchíosanna | 1 | | 865 | 865 |
| Glanchostas clár | 1 | | (49,955) | (43,930) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **6,340** | **6,134** |

## 2.11 Ceangaltais

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Soláthar earraí agus seirbhísí | **1,379** | **1,161** |

## 2.12 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana | **54** | **21** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar áireamh i gClár A, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 24,795 | 22,538 | 20,275 |
| ii | Taisteal agus cothú | 90 | 63 | 26 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,038 | 1,075 | 958 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 310 | 333 | 349 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 1,005 | 1,163 | 1,199 |
| vi | Costais áitribh oifige | 250 | 123 | 170 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 100 | 78 | 50 |
| | | **27,588** | **25,373** | **23,027** |

### Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**i Tuarastail, pá agus liúntais**

*Soláthar meastacháin €24.795 milliún; toradh €22.538 milliún*

Sábháladh €2.257 milliún san fhotheideal seo mar gheall ar mheascán (i) de líon fágálaithe a bhí níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis a d'eascair as níos mó deiseanna ardaithe céime agus deiseanna chun bogadh ar fud na seirbhíse poiblí agus níos mó daoine a chuaigh ar scor agus (ii) d'earcú níos moille mar gheall ar choinníollacha dúshlánacha margaidh agus an t-aga moille araon chun foireann ionaid a fhostú.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €250,000; toradh €123,000*

Sábháladh €127,000 san fhotheideal seo mar gheall ar chostais níos ísle deisithe, chothabhála agus athchóirithe agus níos lú troscáin a cheannach.

## Clár A Soláthar seirbhísí dlí

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastachá in | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | 24,795 | 22,538 | 20,275 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 2,793 | 2,835 | 2,752 |
| A.3 | Seirbhísí dlí seachtracha [a] | 220 | 221 | 162 |
| A.4 | Táillí d'abhcóidí [a] | 21,500 | 19,143 | 17,537 |
| A.5 | Costais ghinearálta dlí [a] | 1,200 | 705 | 706 |
| | | **50,508** | **45,442** | **41,432** |

Nóta [a] As an gcaiteachas dlí a tabhaíodh faoi A.3 go A.5 thuas, íocadh €19.23 milliún thar ceann 28 Roinn/Vóta sa bhliain 2022 (2021: €17.5 milliún, 27 Roinn/Vóta).

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €5.066 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh i dtús báire. Is ionann é sin agus an méid comhiomlán (a) de choigilt €2.215 milliún maidir le caiteachas riaracháin a bhfuil míniú tugtha ina leith cheana agus (b) de ghlanchoigilt €2.851 milliún maidir le caiteachas neamhriaracháin a bhí ann mar gheall ar na nithe seo a leanas den chuid is mó:

**A.4 Táillí abhcóidí**

*Soláthar meastacháin: €21.5 milliún, toradh €19.143 milliún*

Don bhliain 2022, leithdháileadh €3.5 milliún ar an Oifig chun cásanna agus tionscadail ar leith a chlúdach, ní raibh ach €2.02 milliún den mhéid sin caite faoi dheireadh na bliana. Bhain an t-iarmhéid €877,000 den choigilt iomlán (€2.357 milliún) le nótaí táille a bhí dlite faoi dheireadh na bliana nuair a bhí íocaíochtaí á bpróiseáil.

**A.5 Costais ghinearálta dlí**

*Soláthar meastacháin: €1.2 milliún, toradh €705,000*

Sábháladh €495,000 i gcaiteachas maidir leis an soláthar meastacháin toisc nach féidir a thuar mar a chuirtear cásanna dlí chun cinn trí na cúirteanna.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Costais agus táillí a fuair Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 100 | 204 | 812 |
| 2 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 750 | 792 | 718 |
| | **Iomlán** | **850** | **996** | **1,530** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €146,000 níos mó ná an meastachán bunaidh. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

**1 Costais agus táillí a fuair Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit**

*Soláthar meastacháin: €100,000, toradh €204,000*

Bhí fáltais €104,000 sa bhreis ann don bhliain 2022 toisc go raibh an leibhéal aisghabhála costas níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis, go háirithe i dtrí chás dar luach €65,000 san iomlán.

## 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Fáltais faoi Ailt 10 agus 28 den Acht Maoine Stáit, 1954 | 50 | 387 |
| Fáltais faoi Alt 31 den Acht Maoine Stáit, 1954 | — | 1 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (50) | (388) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 An líon fostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| Foireann Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit atá dírithe ar phríomhghníomhaíochtaí | 308 | 288 |
| Foireann Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit atá i mbun oibre ar thionscadail do ranna/oifigí eile | 10 | 15 |
| | **318** | **303** |

## 5.2 Pá

| | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 21,143 | 19,473 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 120 | 158 |
| Liúntais eile | 9 | 8 |
| Ragobair | 21 | 16 |
| ÁSPC an fhostóra | 2,062 | 1,872 |
| **Ollphá iomlán** | 23,355 | 21,527 |
| | | |
| Aisghabhálacha ó ranna/oifigí eile | (817) | (1,252) |
| **Glanphá iomlán** | **22,538** | **20,275** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 46 | 1 | 12,046 | 16,465 |
| Liúntais eile | 4 | — | 2,039 | 1,917 |
| Ragobair | 22 | — | 3,133 | 3,764 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin. | 5 | — | 7,824 | 10,479 |

## 5.4 Foireann na hOifige de réir banda pá

Is mar seo a leanas atá líon fostaithe na hOifige a raibh laghdú idir €20,000 agus €59,999 ar a sochair fostaí iomlána (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais agus thit siad laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh.

| Banda pá | | An líon fostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó (€)** | **Go (€)** | **2022** | **2021** |
| 20,000 | 59,999 | 203 | 164 |
| 60,000 | 69,999 | 16 | 21 |
| 70,000 | 79,999 | 27 | 49 |
| 80,000 | 89,999 | 74 | 56 |
| 90,000 | 99,999 | 30 | 18 |
| 100,000 | 109,999 | 8 | 9 |
| 110,000 | 119,999 | 10 | 10 |
| 120,000 | 129,999 | 4 | — |
| 130,000 | 139,999 | — | 2 |
| 140,000 | 149,999 | 2 | — |
| 150,000 | 159,999 | — | 1 |
| 160,000 | 169,999 | 2 | 2 |
| 170,000 | 179,999 | 1 | — |
| 180,000 | 189,999 | — | — |
| 190,000 | 199,999 | — | 1 |
| 200,000 | 209,999 | 1 | — |

## 5.5 Socruithe eile luach saothair

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i ndáil le hochtar oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Oifig ar feadh 2022 ar fad nó cuid di i Ranna/Oifigí eile Rialtais agus nár fhorchúitigh an Oifig a dtuarastail.

## 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

| | Líon na bhfaighteoirí | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 25 | 38,438 | 24,627 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 22 | 29,819 | 11,973 |

## 5.7 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Is mar seo a leanas a bhí luach saothair agus sochair inchánach an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais:

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Bunphá | **201,843** | **190,349** |

Ní áirítear thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Is comhalta den Scéim Aoisliúntais do Státseirbhísigh Bhunaithe roimh 1995 é an tOifigeach Cuntasaíochta agus i dtaca leis sin ní théann a cuid teidlíochtaí thar na gnáth-théarmaí den scéim sin.